# Scafláil a thabhairt do Léitheoireacht na Gaeilge

## Torthaí Foghlama


Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna a bhaineann le:

**Teanga ó Bhéal:** m.sh., Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird, Stór focal, Léiriú tuisceana

**Léitheoireacht:** m.sh., Rannpháirtíocht, Inspreagadh agus rogha, Stór focal, Tuiscint

De réir mar a thacaítear leis na páistí trí na straitéisí seo, is amhlaidh freisin a bhíonn siad ag forbairt príomhinniúlachtaí amhail:

- A bheith i do chumarsáidí, agus teanga a úsáid, trí thuiscint agus taitneamh as focail agus teangacha a fhorbairt
- A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach trí scileanna meiteachognaíocha a fhorbairt agus scileanna, straitéisí agus eolas a aistriú trasna teangacha éagsúla.




San Ábhar Tacaíochta seo tugtar moltaí maidir le scafláil a chruthú do pháistí agus iad ag léamh téacsanna i nGaeilge, ficsean nó neamhfhicsean, i scoileanna meán-Bhéarla. Má roghnaítear téacsanna a thacaíonn le páistí naisc a dhéanamh le heolas cúlra agus a théann lena gcuid speiseanna, méadófar a rannpháirtíocht agus inspreagadh chun léitheoireachta.

Tá raon leathan téacsanna ar fáil i nGaeilge, mar shampla pictiúrleabhair, scéalta, tuairiscí, ailt, amhráin, sceitsí nó dánta.

Ní bheidh an leibhéal nó an cineál céanna scaflála ag teastáil i gcás gach téacs agus is féidir leis an múinteoir é sin a éascú gan an téacs iomlán a nochtadh. Tá sé mar aidhm ag na moltaí thíos tacú le páistí dul i dtaithí ar an bpríomhfhoclóir, na príomhphointí, príomhcharachtair nó príomhimeachtaí i dtéacs roimh an léitheoireacht agus lena linn:

- Réamheolas a ghníomhachtú
- An scéal a insint ar bhealaí éagsúla
- Réamhbhlaiseadh a den téacs
- Stór focal a theagasc


## Réamheolas a ghníomhachtú

- **Roghnaigh téacsanna atá ábhartha do shaol agus spéiseanna na bpáistí:** Tá raon leathan téacsanna do pháistí ar fáil i nGaeilge a bhaineann le réimse éagsúil spéiseanna agus cumais. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach cuairt a thabhairt ar an leabharlann áitiúil agus is féidir roinnt mhaith téacsanna a fháil ar líne, mar shampla ar an suíomh gréasáin Léigh Anois.
- **Breathnaigh ar fhíseán gearr ar an topaic:** Cuireann físeáin ghearra a bhaineann le topaic an téacs comhthéacs físiúil agus fuaimniú nádúrtha ar fáil. Leis sin is féidir tacú le páistí an foclóir agus na patrúin teanga a d'fhéadfadh teacht aníos sa téacs a thuiscint. Tá réimse leathan gearrthóg físe ar Cúla4 a bhaineann le raon topaicí atá ábhartha do shaol na bpáistí. Bíonn fotheidil i nGaeilge ar fáil le físeáin oideachais eile ó am go chéile. Tacaíonn an comhtháthú sin idir scileanna éisteachta agus léitheoireachta le fuaimniú, gramadach, stór focal agus tuiscint.
- **Pléigh an topaic i réimsí curaclaim eile:** Nuair a tharraingítear ar eolas cúlra na bpáistí ar an topaic agus / nó ar an bhfoclóir atá le feiceáil i dtéacs, trí phlé ranga, grúpa nó beirteanna, is féidir tacú lena dtuiscint agus lena cuid rannpháirtíochta. Mar shampla, sula léann na páistí téacs atá suite sa zú, pléann siad a bhfuil ar eolas acu cheana féin faoi ainmhithe agus an zú i gceacht eolaíochta nó i gceacht Béarla.
- **Léigh an téacs céanna i mBéarla agus i nGaeilge agus / nó i dteangacha eile atá ar a dtoil ag na páistí:** Tá roinnt mhaith scéalta agus téacsanna béaloidis nó neamhfhicsin a bhaineann leis an ábhar céanna ar fáil i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha eile, agus tríthu sin is féidir cuidiú le páistí a gcuid eolais choincheapúil ar phlota, carachtair, suíomh, imeachtaí, fíricí agus stór focal a dhoimhniú de réir mar a aistríonn siad scileanna, straitéisí agus eolas trasna teangacha éagsúla.



## Scafláil a thabhairt do Léitheoireacht na Gaeilge

- **Cairt ABC (cosúil le Cairt KWL)** Seasann Cairt ***A**BC* do ***A**r eolas agam… **B**a mhaith liom foghlaim faoi… **C**ad a d'fhoghlaim mé?* Is féidir Cairt ABC a chomhlánú mar rang iomlán nó i ngrúpaí beaga. Roinn an clár bán/leathanach ina thrí chuid (A, B agus C). Pléigh topaic an téacs agus iarr ar na páistí Cuid A a líonadh isteach. Spreag na páistí le smaoineamh ar aon cheist atá acu iad a scríobh i gCuid B. Is féidir Cuid C a líonadh isteach nuair a léitear an téacs, agus is féidir cuir leis an gCairt gach uair a léitear an téacs.




### An scéal a insint ar bhealaí éagsúla

- **Siúlóid Phictiúir:** Agus téacs á chur i láthair, is fiú dul tríd, leathanach ar leathanach, ag déanamh cur síos ar gach pictiúr ó bhéal. I dtéacsanna ficsin, mínigh i d'fhocail féin atá ag tarlú agus leag béim ar ainmneacha na gcarachtar, ar na príomhimeachtaí agus ar an bpríomhfhoclóir. I dtéacsanna neamhfhicsin, is féidir an bhéim a leagan ar fhíricí agus ar eolas tábhachtach anuas ar an bpríomhfhoclóir.
- **Inis leagan níos simplí den téacs le geátsaí, íomhánna nó maisíochtaí fuaime:** Léann an múinteoir os ard ag baint úsáid as abairtí gearra soiléire, geátsaí, nó íomhánna simplí. Is féidir leis na páistí mím a dhéanamh de na geátsaí de réir mar a bhíonn an múinteoir ag léamh. Oireann an straitéis seo do théacsanna ficsin ina léirítear carachtar a thugann faoi thuras nó do théacsanna neamhfhicsin ina léirítear saolré nó treoracha le leanúint. Tacaítear le forbairt stór focal agus le tuiscint trí úsáid a bhaint as maisíochtaí fuaime amhail áiteanna súgartha, cloigíní dorais, fuaimeanna ainmhithe nó stoirm ag séideadh.
- **Cuir íomhánna in ord:** Trí úsáid a bhaint as téacsanna ficsin agus neamhfhicsin, tacaítear le páistí dul i dtaithí ar na príomhimeachtaí nó na príomhfhíricí. Roghnaigh trí príomhíomhá ón téacs, mínigh a bhfuil ag tarlú i ngach íomhá agus iarr ar na páistí na híomhánna a chur san ord ceart. Is féidir leis an múinteoir cur síos a dhéanamh ar na híomhánna agus is féidir leis na páistí freagairt le cártaí daite, m.sh., glas má tá an cur síos fíor, agus dearg má tá an cur síos bréagach.

### Réamhbhlaiseadh den téacs

- **Teideal agus íomhá:** Tabhair teideal an téacs do na páistí agus íomhá amháin in éineacht leis (d'fhéadfadh sé gur clúdach leabhair a bheadh i gceist, nó íomhá a bhaineann le hábhar an téacs) agus iarr orthu tuairim a thabhairt faoin a bhfuil i gceist sa téacs. Is féidir leis an múinteoir tosú trí ráitis a thabhairt agus freagraíonn na páistí trí ordóga a chur suas (má tá sé fíor) nó a n-ordóga a chur síos (má tá sé bréagach)., m.sh., Baineann an scéal seo leis an zú. Tá an téacs seo suite i mBaile Átha Cliath. Oireann an straitéis seo do théacsanna ficsin agus neamhfhicsin araon agus bíonn deis ag an múinteoir réamheolas na bpáistí a mheas agus tuilleadh ionchuir a chur ar fáil ó thaobh stór focal de.
- **Sracléamh ar an téacs:** Is féidir le páistí téacs a fhiosrú mar rang iomlán, ina mbeirteanna nó ina n-aonar. Agus úsáid á baint acu as a gcuid eolais ar an topaic, chomh maith le struchtúir théacs, is féidir le páistí a gcuid réamheolais a ghníomhachtú.
  - Aibhsigh na príomhcharachtair, príomhthopaicí, príomhimeachtaí nó príomhfhocail.
  - Tabhair sracléamh ar an téacs, féachaint an bhfuil leideanna ann faoin suíomh, an t-am den bhliain, srl.
  - Fiosraigh struchtúr an téacs trí scrúdú a dhéanamh ar na teidil agus na fotheidil agus an chéad abairt agus abairt dheireanach.
  - Lorg focail a bhfuil cur amach ag na páistí orthu nó focail atá cosúil le cinn i mBéarla nó i dteangacha eile atá ar a dtoil acu, mar shampla, carr, campa, crosta, caife, srl.


Roinneann na páistí a gcuid tuairimí ar an téacs, rud a chuireann ar chumas an mhúinteora measúnú a dhéanamh ar a dtuiscint agus aiseolas cuí a thabhairt.



# Scafláil a thabhairt do Léitheoireacht na Gaeilge


## Stór Focal a theagasc

- **Stór focal a theagasc go follasach:** Roghnaigh focail nó frásaí a ndíreofar go follasach orthu atá lárnach chun an téacs a thuiscint agus is féidir a úsáid i gcomhthéacsanna eile. Is féidir leis an múinteoir abairt shamplach nó sliocht as an téacs a roghnú ina bhfuil an spriocfhoclóir chun an focal a thaispeáint i gcomhthéacs.
  - Déan measúnú ar thuiscint choincheapúil na bpáistí ar an spriocfhocal nó an spriocfhrása. D'fhéadfadh sé go mbeadh an foclóir ar eolas ag na páistí i dteanga eile. Tríd an bhfoclóir nua a léiriú ar bhealaí éagsúla (íomhánna / fíor-rudaí, srl.), is féidir tacú leo an foclóir nua i nGaeilge a mheaitseáil leis an gcoincheap.
  - Pléigh an bhrí atá leis an spriocfhocal agus tabhair sainmhíniú atá sothuigthe do na páistí.
  - Cuir deiseanna ar fáil do na páistí chun an focal a úsáid i raon comhthéacsanna tríd gníomhaíochtaí ar nós focail a mheaitseáil le híomhánna nó sainmhínithe, íomhánna a lipéadú, comhchiallaigh nó frithchiallaigh a aimsiú, fána focail, searáidí, cuardaigh focal, trialacha iomlánaithe, cártaí biongó nó spléach-chártaí ina bhfuil an focal i gcomhthéacs. Téigh siar ar an bhfocal / ar an bhfrása go minic i gcaitheamh an lae / na seachtaine.




Tacaíonn eagraithe grafacha ar nós 'fána focail' le teagasc stór focal. Spreag na páistí le focail/frásaí a shocrú ar scála a léiríonn raon brí ó lag go láidir nó dearfach go diúltach.

- **Príomhfhoclóir agus príomhfhrásaí a chur ar taispeáint:** Cruthaigh spás, ar nós cairt bheo, balla focal nó cóipleabhar foclóra, inar féidir leis na páistí an foclóir agus na frásaí a fheiceáil i gcomhthéacs. Spreag na páistí chun cur leis na liostaí le foclóir nua a dtagann siad air i dtéacsanna.
- **Príomhfhoclóir agus príomhfhrásaí a roinnt leis na páistí:** Spreag na páistí chun triail a bhaint as focal nó frása nua a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla, m.sh. sa chlós, le páiste eile le linn an lae, nó tríd an bhfocal nó frása a mhúineadh do dhuine sa bhaile. Cinntíonn sé sin go mbeidh neart deiseanna ann le húsáid an fhrása / an fhoclóra a chleachtadh.
- **Straitéisí foghlama focal a theagasc:** Trí straitéisí foghlama focal a theagasc do pháistí cuidíonn sé leo brí na bhfocal a dtagann siad orthu i dtéacsanna a dhéanamh amach go neamhspleách.




- ✓ Is teanga shaibhir í an Ghaeilge ó thaobh na moirfeolaíochta de agus trí aird a dhíriú ar chodanna d'fhocail (lena n-áirítear réimíreanna agus iarmhíreanna) d'fhéadfaí cuidiú chun bríonna focal nach bhfuil cur amach acu orthu a oibriú amach, mar shampla: néata – mínéata, bialann – leabhar**lann**. Féach Léitheoirí Líofa le haghaidh gníomhaíochtaí molta chun feasacht moirfeolaíochta a fhiosrú sa Ghaeilge.
- ✓ Spreag na páistí le foclóir nó teasáras a úsáid chun na foirmeacha agus bríonna éagsúla a bhíonn ag focail a dhéanamh amach. Tá acmhainní ar fáil ar líne chun tacú le hobair foclóra ar nós teanglann.ie (focail i gcomhthéacs agus fuaimniú na bhfocal), téarma.ie (le haghaidh téarmaí), agus potafocal.com (teasáras).
- ✓ Spreag na páistí le naisc a dhéanamh idir focail Ghaeilge agus focail i dteangacha eile, mar shampla, a dó, deux, dos. Féach *Sceitimíní* le haghaidh gníomhaíochtaí ilteangacha molta.
- ✓ Déan teagasc follasach ar an gcaoi le húsáid a bhaint as leideanna comhthéacs sa téacs chun brí na bhfocal agus na bhfrásaí nua a fháil amach nó a shoiléiriú. Déanann an múinteoir múnlú le sampla nó dhó trí smaoineamh os ard ar an gcaoi ar féidir brí focail nua a oibriú amach ón gcomhthéacs, trí léamh arís nó tríd léamh ar aghaidh.

Is féidir tuilleadh tacaíochta maidir le forbairt foclóra a fháil sna huirlisí úsáide CTB ar líne.

**Léigh leat!**


Arna fhorbairt i gcomhar le Claire Dunne, Institiúid Oideachais Marino